# Aonad Oibre Samplach 4
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Curaclam Teanga na Bunscoile/ Sonraíocht Teanga | Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Sonraíocht ETIM |
|---|---|
| **TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE** Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga.<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…*<br>**TF 5- Stór Focal Fócas Teanga:** Úsáid a bhaint as réimse stór focal agus frásaí m.sh níos éadroime, níos troime, meá chistine, scálaí seomra folctha<br>**TF6 - Léiriú Tuisceana Fócas Teanga –** Tuiscint a léiriú trí treoracha a leanúintm.sh: Scríobh an rud is troime ag uimhir a deich.<br>**Fócas Teanga –** An bhfuil an méid seo ceart? An bhfuil sé níos éadroime/níos troime na 1kg? Cad a mheánn gach ceann le chéile?<br>**TF12 - Cur Síos-Tuar agus Machnamh Fócas Teanga –** An raibh ár meastachán cruinn? Cén meáchan atá/a bhí sa leabhar Mata/bhuidéal uisce? Cad é an difríocht? An bhfuil 200g de leite difriúil ná 200g de rís? | **Snáithe:** Tomhais<br>**Snáithaonad:** Ag tomhas<br>*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...*<br>• teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach<br>• tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú |

| Scileanna/Coincheapa le forbairt | Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta |
|---|---|
| **Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82)**<br>·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid.<br>·Comhrá mata a chur chun cinn.<br>·Meon táirgiúil a chothú.<br>·Spraíúlacht a spreagadh.<br>·Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil.<br><br>**Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25, Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:**<br>·Cumarsáid:m.sh. smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla<br>·Tuiscint agus Ceangal:m.sh. idirghníomhú agus comhoibriú le piaraí<br>·Réasúnaíocht: m.sh. argóint a dhéanamh ar a son a gcuid smaointeoireachta agus í a chosaint<br>·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige | **Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.<br>**Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann stór focal oiriúnach a úsáid (TF5)? An raibh na páistí in ann treoracha gearra a leanúint (TF6)? An raibh na páistí in ann cur síos, tuar agus machnamh a dhéanamh maidir le meáchan earraí éagsúla (TF12)?<br>**Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach?<br>**Ceistiúchán:** D'fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.<br>**Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.<br>**Dialann an mhúinteora:** D'fhéadfaí nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.<br>**Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí tomhais? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? |

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|---|
| **Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí)**<br>Abair é/Abraigí é<br>Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é<br>Níos airde! Níos airde arís!<br>Ní chloisim thú/sibh/<br>Cad a dúirt mé?<br>An bhfuil tú/sibh réidh?<br>An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos<br>Ar aghaidh libh! | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1)***<br><br>Meá – seo meá chun rudaí a mheá.<br>Meáchan 5g, 10g, 25g, 50g, 100g, 200g, 500g, 750g, 1Kg<br>Mar sin tá meáchan 1kg ag 1L uisce.<br>Mar sin tá meáchan 500g ag 500l uisce.<br>1 chileagram = 1,000gram - sin aon chileagram amháin.<br>Féach ar 1kg ar an meá.<br>Lítear - seo lítear.<br>Seo crúiscín/cartán bainne a ghlacann lítear amháin/dhá lítear.<br>Déanaigí meastachán – cad a cheapann sibh?<br>próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt, cupán plaisteach, crúiscín tomhais, meá<br><br>Leabhair Mhata, buidéal le huisce/bainne ann, geansaí scoile, réam páipéir, liathróid pheile, úrscéal, péire bróg, cóta, seaicéad srl.<br>Déan meastachán – cad a mheánn sé? Cad é do mheas?<br>Cuir na rudaí go léir ar an liosta ag tosú leis an gceann is éadroime. | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2)***<br><br>*Rís, leite, piseanna, pasta, gaineamh, mála(í) plaisteach(a)*<br>*Cuir an méid ceart m.sh. pasta sa mhála plaisteach chun meáchan 50g a* dhéanamh.<br>An bhfuil níos mó/níos lú ag teastáil.<br>Tá málaí le meáchain éagsúla scríofa orthu agam.<br>Seo mála a mheánn 50g, seo mála a mheánn 75g, seo mála a mheánn 100g srl.<br>An grúpa seo – málaí 50g agaibh, an grúpa seo málaí 75g agaibhse srl.<br>Cuir an méid a cheapann tú a mheánn 50g pasta sa mhála 50g. Bain triail as! Ansin déan é a mheá. An raibh an ceart agat?<br>An gcaithfidh tú níos mó pasta a chur isteach nó pasta a thógáil amach? Anois déan an rud céanna le 50g gainimh.<br>Agus ansin déan an rud céanna le 50g ríse.<br>Tá níos mó ríse ag teastáil.<br>Tá níos mó leite ag teastáil. |

**Teanga***:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga an Mhúinteora | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3)***<br><br>Glasraí – oinniúin, cairéid, prátaí, meacain bhána srl. Torthaí – úlla, oráistí, plumaí, fíonchaora, bananaí srl.<br>1 chileagram – 1,000 gram sin aon chileagram amháin. Féach ar 1kg ar an meá.<br>Déanaigí meastachán – cad a cheapann sibh?<br>An bhfuil an mheá ag a náid? Cén meáchan atá ag an mála torthaí/glasraí?<br>Cad a thugann sibh faoi deara? An raibh siad gar do/cóngarach do/ beagnach ag/ mar an gcéanna le 1kg?<br>An raibh toradh nó glasra áirithe a bhí níos éadroime nó níos troime ná mar a cheap sibh?<br>An bhfuil a fhios agat cé chomh trom is atá rud ó bheith ag féachaint air?<br>An bhfuil gach rud atá mór trom? An bhfuil gach rud atá beag éadrom? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat? Cén meáchan a fuair sibh?<br>Cad é an difríocht idir an 1kg agus an meáchan a fuair sibh? An bhfuil siad mar an gcéanna? | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 4)***<br><br>Cártaí, cártaí taifid, cupán, pláta, gloine, rolla páipéar leithris, cás pinn luaidhe, bosca lóin, leabhar Mata, fillteán, mála scoile, meá.<br>Déanfaimid meastachán ar na rudaí atá ar an mbord.<br>Piocfaidh mé cárta amháin – pioc cárta – cad a mheánn an pláta?<br>Beidh dhá fhoireann ag gach bord.<br>Féach – an pláta – cad a mheánn an pláta? Déanfaidh mé meastachán!<br>Scríobhfaidh mé mo mheastachán ar an gcárta taifid. Anois an meáchan ceart …..<br>Meánn an pláta 200g.<br>Scríobhfaidh mé an meáchan ceart ar an gcárta taifid anseo.<br>Scríobhfaidh mé an meáchan mar chodán anseo agus mar chodán deachúlach anseo.<br>Anois oibreoidh mé amach an difríocht agus scríobhfaidh mé an difríocht anseo.<br>Déanfaidh mé sampla eile ….. Bainigí triail as!<br>Tugaigí seans do gach duine!<br>Anois suimigh na difríochtaí ar fad.<br>An fhoireann leis an iomlán is lú – sin an buaiteoir!<br>Scríobh san ord ceart iad ag tosú leis an gceann is éadroime |

# Aonad Oibre Samplach 4
## Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga na bPáistí | Teanga na bPáistí | Teanga na bPáistí |
|---|---|---|
| ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1):***<br><br>Meánn 1L uisce 1 chileagram nó Tá meáchan 1kg ag 1L uisce.<br>Cuirfidh mé 500ml nó ½L isteach sa chrúiscín<br>An bhfuil difríocht ann – cé mhéad?<br>Cén fáth?<br>Tarraing líne áit éigin ar thaobh gach coimeádán<br>Tá crúiscín tomhais folamh againn.<br>An bhfuil an mheá ag a náid?<br>Doirt lítear amháin uisce isteach sa chrúiscín tomhais.<br>Cén meáchan é an crúiscín tomhais folamh/lán<br>Cad a cheapann tú/sibh?<br>Meánn sé 1 chileagram.<br>Meánn 1L uisce 1 chileagram.<br>Cén meáchan é 500ml nó ½L?<br>Seo an marcóir.<br>Tarraing an líne anseo.<br>Tarraingeoidh mé an líne ar an gcoimeádán seo.<br>Doirt an t-uisce suas go dtí an líne anois.<br>Bí cúramach!<br>Cad é an difríocht? | • *Úsáidfimid an mheá arís.*<br>• *Tá liosta de na rudaí anseo ……… ar an mbileog. Déanfaidh sibh gach ceann a mheá.*<br>• *Mar shampla – seo an leabhar Mata – cad a mheánn an leabhar Mata? Mo mheastachán ná – 600gram (nó .6Kg).*<br>• *Scríobhfaidh mé mo mheastachán ar mo bhileog. Déanfaidh mé an leabhar Gaeilge a mheá anois.*<br>• *Meánn an leabhar Gaeilge 750gram (nó.75Kg). Scríobhfaidh mé meáchan an leabhair Gaeilge ar mo bhileog – 750g (nó .75Kg).*<br>• *Cad é an difríocht idir do mheastachán agus an meáchan ceart?*<br>• *Déan meastachán ar an leabhar Mata ar dtús – cé mhéad gram, cé mhéad cileagram? Anois déan an leabhar Mata a mheá.*<br>• *Cad a mheánn an leabhar Mata? Scríobh meáchan an leabhair Mhata i ngraim agus/nó i gcileagraim anois.*<br>• *An raibh an ceart agaibh? An rud is éadroime – scríobh an rud sin ag uimhir a haon. An rud is troime – scríobh an rud sin ag uimhir a deich.*<br>• An leabhar Mata – cad a mheánn an leabhar Mata<br>• Mo mheastachán ná 680 gram.<br>• Scríobh an meastachán ar an mbileog. Anois cuir an leabhar Mata ar an meá. | • Cad a mheánn an leabhar Mata? An raibh mo mheastachán ceart? 450gram (nó .45Kg)<br>• Scríobh an meáchan ceart ar an mbileog.<br>• Cad é an rud is éadroime?<br>• Scríobh an rud is éadroime ag uimhir a haon.<br>• Scríobh an rud is troime ag uimhir a deich.<br><br>***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 2A):***<br><br>• Pioc mála a mheánn 50g.<br>• Tá rís/pasta/gaineamh/leite sa mhála.<br>• Cuir an mála ar an meá – 50g nach ea?<br>• Tá/níl 50g againn.<br>• Tá níos mó/níos lú ná 50g againn.<br>• Tá sé níos troime/éadroime.<br>• Tóg amach/cuir isteach rís. Cuir an mála plaisteach ar an meá arís.<br>• An meánn an mála plaisteach 50g anois? Féachann 50g leite níos mó ná 50g ríse. |

# Aonad Oibre Samplach 4
# Céim 4 (Rang 5 & 6): Tomhais

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

**Teanga*:*** Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

| Teanga na bPáistí | Teanga na bPáistí |
|---|---|
| ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 3):***<br><br>An bhfuil an mheá ag a náid?<br>Cuir úlla, bananaí, oinniúin, cairéid srl sa mhála!<br>An bhfuil an méid seo ceart?  Cuir an mála ar an meá!<br>An meánn sé 1 chileagram? Cad é an difríocht?<br>An bhfuil sé níos éadroime/níos troime ná 1kg?<br>Tóg cúpla ceann amach. Cuir cúpla ceann isteach. An meánn sé 1kg anois?<br>Pioc cárta!<br>Cad atá ar an gcárta?<br>Cad a mheánn an ghloine?<br>Déan meastachán!<br>250g – sin mo mheastachán.<br>Scríobhfaidh mé mo mheastachán ar an gcárta taifid.<br>Anois an meáchan ceart …..<br>Meánn an pláta 225g.<br>Scríobh an meáchan ceart ar an gcárta taifid.<br>Scríobh an codán anseo agus an codán deachúlach anseo.<br>Cad é an difríocht? Scríobh an difríocht anseo.<br>Anois pioc cárta eile …..<br>Déan gach difríocht a shuimiú le chéile.<br>Cad é an freagra? | ***Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 4***<br><br>• Pioc cárta!<br>• Cad atá ar an gcárta?<br>• Cad a mheánn an ghloine?<br>• Déan meastachán!<br>• 250g – sin mo mheastachán.<br>• Scríobhfaidh mé mo mheastachán ar an gcárta taifid.<br>• Anois an meáchan ceart …..<br>• Meánn an pláta 225g.<br>• Scríobh an meáchan ceart ar an gcárta taifid.<br>• Scríobh an codán anseo agus an codán deachúlach anseo.<br>• Cad é an difríocht? Scríobh an difríocht anseo.<br>• Anois pioc cárta eile …..<br>• Déan gach difríocht a shuimiú le chéile.<br>• Cad é an freagra? |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

## Luathchumarsáid agus Réamhghníomhaíocht

**Réamh-mhúineadh na teanga**

- Ar shleamhnáin 5 go 15 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata. Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.
- Cluichí Comhairimh- Cluiche- Ag Comhaireamh mar Chór (S5), Fizz Buzz as Gaeilge (Sl.6)
- Aimsigh na Patrúin- ag díriú ar na bunuimhreacha roimh 'l' (Sl.8 & 9)
- Cluichí/Smaointe chun na focail próca, buidéal, cartán, deoch iógairt, próca iógairt a mhúineadh (Sl. 10 & 11)
- Cluichí/Smaointe éagsúla chun breischéim na haidiachta a réamh-mhúineadh (Sl.12-15)

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1) - Foghlaim Fhionnachtanach: An Gaol idir Meáchan agus Toilleadh a fhiosrú**

- Cuir crúiscín folamh ar an meá agus déan cinnte go bhfuil an mheá ag a náid.
- Ansin bain an crúiscín folamh den mheá. Doirt lítear uisce isteach sa chrúiscín. Mínigh do na páistí gur 1L uisce atá ann. Cuir an crúiscín tomhais ar an meá arís.
- Dírigh aird na bpáistí ar an meá agus ceistigh iad faoi cad a thugann siad faoi deara. Sa ghníomhaíocht seo gheobhaidh na páistí amach go bhfuil meáchan 1 chileagram ag 1 lítear uisce.
- Ar an gcaoi chéanna, is féidir tuilleadh ceisteanna a chur ag úsáid ghnáthchoimeádáin plaisteacha a bhíonn acu sa bhaile cosúil le 500 millilítear, 750 millilítear, agus buidéil 1.25L.
- B'fhéidir go bhfaighidh na páistí amach gurb ionann meáchan 1 ceintiméadar ciúbach (1 mhillilítear) uisce agus 1 ghram.
- Ciallaíonn sé sin go bhfuil meáchan 750 gram ag 750 millilítear uisce. Beidh cásanna ann freisin ina dtarlóidh sé cur i gcás go mbeidh 1 lítear uisce i mbuidéal plaisteach 1.02Kg. Spreag na páistí chun an chúis a thabhairt go bhfuil difríocht bheag ann (m.sh. meáchan an bhuidéil = 200g).

**(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail)**

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Cuid 1B) Gnáthrudaí a úsáid chun meáchan a mheas agus a thomhas.**

- Ullmhúchán: meá (do gach grúpa), leabhair Mhata, buidéal le leacht ann, buidéal tipp-ex, geansaí scoile, réam páipéir, péire bróg, cóta, seaicéad srl. Bileog le líonadh ag na páistí (féach thíos mar shampla).
- Gníomhaíocht: Tabhair liosta de ghnáthrudaí do na daltaí agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag úsáid meá chun meáchan gach rud atá ar an liosta a fháil. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad meastachán a dhéanamh ar dtús. Ansin beidh orthu na rudaí a mheá agus an meáchan ceart a scríobh síos i bhfoirm gram agus Kg.
- Déan cúpla sampla leis an rang ar dtús:
- Forbairt: Is féidir leis na páistí meáchan i gcileagraim a líonadh isteach mar chodáin nó mar dheachúlacha.
- Cuir in Ord (Rás Cuimhne sa Rang- Sleamhnán 20-21)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice 2**

**Téamh Suas:** Mar intreoir/spreagadh don dara cheacht Mhata déanfaidh na páistí buille faoi thuairim maidir le cé mhéad lítear de chaife atá sa chupán caife is mó a rinneadh riamh, de réir an Guinness Book of Records. (Féach Sleamhnán 14-15)

**Príomhghníomhaíocht 2A**

**(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail/Réasúnaíocht)**

**Príomhghníomhaíocht 2**.(Sleamhnán 22-23) **(Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint agus Ceangail/Réasúnaíocht)**

Ullmhúchán: Boscaí plaisteacha líonta le cineálacha éagsúla nithe ar nós rís, leite, pasta de chineáil éagsúla, piseanna, gaineamh srl. Málaí le meáchain éagsúla scríofa orthu mar shampla 50g, 75g, 100g, 200g agus 250g. Gníomhaíocht: Taispeáin málaí plaisteacha le meáchain éagsúla scríofa orthu (50g, 75g, 100g srl.) don rang. Abair le grúpa amháin páiste go mbeidh siad ag fiosrú 50g agus grúpa eile go mbeidh siad ag fiosrú 75g agus mar sin de. Abair leis na páistí sa chéad ghrúpa tosú leis an mála le 50g scríofa air. Ansin, iarr orthu rud éigin m.sh. pasta nó rís a roghnú agus an méid a cheapann siad a mheánn 50g a phiocadh amach. Abair leo an pasta nó rís a chur isteach sa mhála le 50g scríofa air. Iarr orthu an mála plaisteach a mheá chun féachaint an raibh an ceart acu. Caithfidh siad meáchan 50g a dhéanamh trí níos mó a chur isteach nó a bhaint. Iarr orthu an rud céanna a dhéanamh leis na nithe eile m.sh. leite, piseanna, gaineamh srl. Déanfaidh na páistí comparáid idir an méid pasta, rís, leite, gaineamh atá sna málaí plaisteacha agus a bhfuil an meáchan céanna iontu. An bhféachann 50g pasta mar an gcéanna le 50g rís? An bhféachann 50g gaineamh mar an gcéanna le 50g leite?

Meastachán a dhéanamh ar mheá agus comparáid a dhéanamh

Forbairt: Iarr ar na páistí an meáchan a athrú isteach i gcodáin nó i ndeachúla mar a rinne siad le toilleadh m.sh. 200g = 0.2kg nó 2/10 kg

**Príomhghníomhaíocht 3** (Sleamhnán 24) (**Gnéithe: Cumarsáid/ Tuiscint agus Ceangail/ Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna)**

**Stáisiúin Mheastacháin:** Don ghníomhaíocht seo beidh glasraí agus torthaí éagsúla ag teastáil ar nós prátaí, oinniúin, oráistí, cairéid, úlla, bananaí srl. Is féidir iarraidh ar na páistí torthaí agus glasraí a thabhairt isteach. Tabhair meá do gach grúpa agus málaí chun torthaí agus glasraí a mheá

Mínigh do na páistí go bhfuil siad chun siopadóireacht do thorthaí agus do ghlasraí a dhéanamh inniu. Caithfidh siad liosta siopadóireachta a scríobh agus meastachán a dhéanamh ar cé mhéad toradh nó glasra a bheidh gar do mheáchan chileagram amháin (1kg). Mínigh do na daltaí go mbeidh sé deacair teacht ar chileagram amháin (1kg) go cruinn beacht agus mar sin gur leor meáchan atá gar go leor do 1kg. Ag úsáid na nglasraí/dtorthaí atá ann, lig do dhaltaí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo mála earraí grósaera a chruthú atá gar do mheáchan chileagram amháin (1kg). Tabhair na prátaí, oinniúin, oráistí, líomóidí, agus cairéid do na daltaí agus iarr orthu iad a chur i málaí a mbeidh meáchan 1 kg an ceann acu. Is féidir leo cloí le toradh ná glasra amháin ar dtús agus ansin torthaí agus glasraí a mheascadh chun iarracht ar mheáchan chileagram amháin (1kg) a dhéanamh. Pléigh a gcuid torthaí leo.

Forbairt: Is féidir leis na páistí a liostaí siopadóireachta pearsanta a scríobh agus a mheá.

## Cumarsáid agus Gníomhaíocht

**Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice 4 (Sleamhnán 25-29): "Cad é an meastachán is cóngaraí?"**
**Gnéithe: Cumarsáid/Tuiscint/Réasúnaíocht**

Roinn na daltaí isteach i 3 ghrúpa de 8-10 páiste agus abair leo go mbeidh siad ag déanamh meastacháin ar mheáchan na rudaí ar an mbord. Beidh 9 gcárta imeartha ar gach bord (aghaidh síos) agus dhá bhileog thaifid. Abair le gach grúpa iad féin a roinnt in dhá fhoireann. Beidh na cártaí imeartha (aghaidh síos) ar an mbord os a gcomhair. Casann duine amháin ón gcéad fhoireann i ngach grúpa an cárta ar bharr agus léann siad é amach go hard, "Cad a mheánn an cupán?" Téann an fhoireann i gcomhairle le chéile agus nuair atá siad aontaithe ar fhreagra scríobhann siad an meastachán sa spás ceart ar an gcárta taifid.
Ansin déanann an duine a chas an cárta an meáchan ceart a fháil. Scríobhann na páistí an meáchan ceart ar an gcárta taifid.
Is féidir iarraidh ar na páistí an meáchan ceart a athainmniú mar chodán de kg nó mar chodán deachúlach de kg agus scríobhann siad an freagra san áit cheart ar an gcárta taifid.
Caithfidh siad an difríocht idir an meastachán agus an meáchan ceart a oibriú amach agus an difríocht a scríobh ar an gcárta taifid.
Casann an chéad imreoir ar an bhfoireann eile an chéad chárta eile agus leanann an fhoireann sin ar aghaidh ag déanamh meastacháin ar dtús, ag meá, ag athainmniú srl agus líonann siad isteach an cárta taifid.
Leanann an dá fhoireann ar aghaidh ag imirt go dtí go bhfuil na cártaí go léir imithe agus seans faighte ag gach imreoir.
Nuair atá siad réidh déanann gach foireann na difríochtaí a scríobh siad ar an gcárta taifid a shuimiú (an colún deireanach). Bíonn an bua ag an bhfoireann leis an iomlán is lú.
Cuireann na páistí na rudaí in ord meáchain ag tosú leis an gceann is éadroime.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

## Iarchumarsáid agus Iarghníomhaíocht

**Gaeilge Laethúil:** Úsáid Gaeilge Laethúil mar Mhúnlóireacht ar an teanga nua go rialta tríd an lá.

**Féinmheasúnú an pháiste** (Sleamhnán 29) Iarr ar na páistí an leathanach féinmheasúnaithe a líonadh isteach maidir le hAonad Oibre Samplach 4. Cuir ciorcal thart timpeall ar an aghaidh cuí chun do thuiscint a léiriú agus breac síos focail nó frásaí nua a d'fhoghlaim tú.

**Iarghníomhaíochtaí Mhata**:

- **Forbairt-Oibríochtaí:** Is féidir bogadh ar aghaidh ansin agus na páistí a cheistiú dá mbeadh siad ag roghnú 6 rud leis an meáchan céanna cén meáchan iomlán a bheadh orthu (m.sh. 6 úll, nó 6 phláta). Mar shampla, cén meáchan a bheadh ag 6 chupán? An uair seo beidh na páistí ag méadú. Má tá meáchan 265g ar chupán amháin, an meastachán a dhéanfaidh siad ná 265g X 6=1590g nó 1Kg 590g.
- **Tráth na gCeist Kahoot** maidir le Meáchan (Sleamhnán 33)
- **Sprioc-Chlár Mata** (Sleamhnán 34)

**Iarchumarsáid don Ghaeilge**: Síneadh agus Aistriú Scileanna (Sleamhnán 31): Teanga nua a shíneadh amach go comhthéacsanna eile. Mar shampla, An teanga faoi mheáchan agus bia a úsáid i gcomhthéacs na cócaireachta, trí fhéachaint ar fhíseán le Diarmuid Ó Mathúna Foghlaim TG4 agus liosta siopadóireachta, liosta comhábhair agus/nó oideas a scríobh. Nó d'fhéadfadh grúpaí éagsúla féachaint ar Dhiarmuid ag ullmhú béilte éagsúla agus ansin d'fhéadfaidís na comhábhair a phlé lena chéile.

## Aiseolas Ceartaitheach

Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://oide.ie/wp-content/uploads/2023/10/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf

| Trealamh | Tagairtí |
|---|---|
| • Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 4<br>• Teilifís chliste/osteilgeoir le callairí (speakers)<br>• Meánna éagsúla<br>• Torthaí is glasraí, málaí<br>• Málaí Plaisteacha zipghlasála<br>• meá (do gach grúpa) Beidh 3 seit cártaí ag teastáil agus 6 chárta taifid chomh maith leis an liosta thíos: 3 chupán 3 phláta 3 ghloine 3 rolla páipéar leithris 3 chás pinn luaidhe 3 bhosca lóin 3 seit de 5 leabhair mata 3 fhillteán 3 mhála scoile 3 mheá chistine 3 scálaí seomra folctha 3 mheá chothromaíochta (balance weight) Pinn luaidhe agus páipéar ag na páistí | • Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga (2025)<br>• Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM (2025)<br>• Nasc don Ríomhfhoclóir Matamaitice: https://www.rewardinglearning.org.uk/focloirmata/Default.aspx<br>• Mol Churaclam matamaitice na Bunscoile Oide: https://pmc.oid |

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| **Nótaí an Mhúinteora:** D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta. |
| --- |
| |